Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Na Feidhmeanna Teanga, Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta, Scoileanna Meán-Bhéarla (T2)

**Clár an Leabhráin**


1.Míniú ar na Feidhmeanna Teanga..................................Lch. 1

2.Na Catagóirí..........................................................Lch. 2

3.Caidreamh sóisialta a dhéanamh...................................Lch. 3 - 5

4.Soiléiriú a lorg i gcomhrá...............................................Lch. 6 - 7

5.Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine eile...........................Lch. 8 - 9

6.Dearcadh a léiriú agus a lorg........................................Lch. 10 - 19

7.Eolas a thabhairt agus a lorg.........................................Lch. 18 - 20

8.Struchtúr a chur ar chomhrá...........................................Lch. 21 - 22


Nóta eolais: Tagann an leagan uasdátuithe seo ó na feidhmeanna teanga a bhí ar an suíomh idirlín PDST a bhí ábhartha ag an am. Tá acmhainní eile ar fáil ar ár suíomh anseo ag www.oide.ie.

# Cad is feidhm teanga ann?

Tá na feidhmeanna teanga lárnach d'fhoghlaim teanga. 'Feidhm teanga' a thugtar ar an úsáid a bhaineann duine as teanga chun sprioc chumarsáide éigin a bhaint amach. Ionas go mbeidh páistí atá ag foghlaim an dara teanga agus na teanga breise in ann feidhmiú agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina dteanga nua, tá sé tábhachtach go mbeadh máistreacht acu ar fheidhmeanna éagsúla na teanga.

**Cuireann feidhmeanna teanga ar chumas páistí iad féin a chur in aithne do dhaoine eile, ceisteanna a chur, smaointe a chur in iúl, iarratais a dhéanamh agus struchtúr a chur ar na freagraí a thugann siad ar dhaoine eile.**

**Is féidir le páistí na feidhmeanna teanga a chomhlíonadh ní hamháin i bhfíorshuíomhanna ach freisin i suíomhanna samhailteacha, cuir i gcás rólghlacadh agus drámaíocht shochdhrámatúil.**

**D'fhonn freastal ar ábhar suime agus ar riachtanais teanga na bpáistí, moltar an teanga a mhúineadh i gcomhthéacs topaicí a bhaineann le saol na bpáistí.**

**Ba cheart go mbeadh dul chun cinn follasach ann maidir le castacht na bhfrásaí de réir mar a éiríonn na páistí níos inniúla i dtaobh úsáid na teanga.**


(An tSonraíocht Teanga, 2025, lch. 90)



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Na Catagóirí

Tá na feidhmeanna teanga roinnte sna catagóirí seo a leanas agus tá samplaí de gach catagóir curtha ar fáil. Tarraingíonn na catagóirí ar sheacht bhfeidhm Halliday (1973), mar a leagtar amach thíos, ach tá siad curtha in oiriúint do riachtanais sheomraí ranga na hÉireann. Is ionann go díreach feidhmeanna na teanga comharthaíochta agus feidhmeanna na teanga ó bhéal. Is féidir cur chuige cumarsáide iomláine a úsáid freisin mar a dtarraingíonn páistí ar mheascán straitéisí chun riachtanais, faisnéis agus mothúcháin a chur in iúl. Is féidir na catagóirí thíos a nuashonrú agus a chur in oiriúint bunaithe ar thuiscintí na foghlama teanga a thagann chun cinn.




(An tSonraíocht Teanga, 2025, lch. 90)

# Caidreamh sóisialta a dhéanamh

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Beannú do dhuine | Dia duit.<br>Dia is Muire duit.<br>Fáilte romhat!<br>Nollaig/Cáisc shona duit!<br>Beannachtaí na féile ort!<br>Dé do bheatha chugainn! | Dia duit. Fáilte romhat.<br>Go mbeannaí Dia duit!<br>Bail ó Dhia ort!<br>Bail ó Dhia ar an obair!<br>An bhail chéanna ort!<br>Gurab amhlaidh duit!<br>Ádh mór ort!<br>Go n-éirí leat!<br>Conas atá tú? | Dia duit/dhaoibh.<br>Dia is Muire duit/dhaoibh<br>Bail ó Dhia ort.<br>Cén chaoi ina bhfuil tú?<br>Go maire tú is go gcaithe tú é!<br>Sé do bheatha!<br>Go mba é duit!<br>Beatha agus sláinte chugat! | Bail ó Dhia ort.<br>Gurb amhlaidh duitse.<br>Go mba é duit.<br>Nár laga Dia thú!<br>Rath Dé ort!<br>Go méadaí Dia do stór!<br>Go bhfága Dia an tsláinte agat!<br>Gura fada buan thú!<br>Aon scéal agat? |
| Slán a fhágáil | Slán.<br>Slán leat a Niamh!<br>Slán agus beannacht!<br>Oíche mhaith!<br>Slán abhaile! | Slán go fóill.<br>Slán tamall.<br>Slán is beannacht!<br>Feicfidh mé amárach thú!<br>Oíche mhaith is codladh sámh.<br>Slán anois. | Go néirí leat.<br>Slán agus beannacht.<br>Go dté tú slán!<br>Go n-éirí an t-ádh /<br>an bóthar leat!<br>Slán tamall.<br>Feicfidh mé ar ball thú. | Go n-éirí an bóthar leat.<br>Chífidh mé thú.<br>Go dtuga Dia slán abhaile tú!<br>Tabhair aire. |
| Glaoch ar dhuine | A mhúinteoir!<br>A Mháire!<br>Tar anseo!<br>Brostaigh ort!<br>Dean deifir! | A Sheáin! A Mhúinteoir!<br>Tar anseo.<br>Tar anseo láithreach/ar an bpointe!<br>Fan liom a Bhríd.<br>A dhuine uasail. | Gabh i leith. Tar anseo.<br>Gabh mo leithscéal.<br>Éist liom le do thoil!<br>A Sheáin, beidh mé leat i gceanna nóiméid/soicind. | Tar anseo, le do thoil.<br>A dhuine uasail.<br>A Bhríd.<br>Teastaíonn uaim labhairt leat.<br>Gabh anseo, a Cháit.<br>Gabh i leith (Goitse) anseo. |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Caidreamh sóisialta a dhéanamh

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Aird a lorg | Gabh mo leithscéal.<br>Éist!<br>Cogar! | Gabh mo leithscéal!<br>An bhfuil sibh réidh/ullamh? | Gabh mo leithscéal.<br>Cogar … Éist …<br>Nóiméad amháin. | An féidir liom…<br>Labhair liom…<br>Abair liom. |
| Bualadh le duiine | An bhfuil tú go maith?<br>Conas atá cursaí?<br>Conas atá an saol? | Conas atá tú?<br>An bhfuil tú go maith?<br>Seo í mo dheirfiúr Ciara. | An bhfuil tú go maith?<br>Conas atá cursaí? Aon scéal nua? | Aon scéal nua gur fiú trácht air? |
| Cur in aithne | Is mise …..<br>…..is ainm dom. | Seo é …<br>Seo í mo dheirfiúr Ciara.<br>Seo é mo dheartháir Tomás. | Is í seo Niamh.<br>Is é seo Míchéal. | Seo é/í Mícheál/ Cáit.<br>Deas bualadh leat.<br>Is deas casadh ort. |
| Freagairt do chur in aithne | Dia duit! | Táim go maith/go diail/go hainis. | Dia do bheathasa.<br>Dia is Muire duit. | Tá áthas orm bualadh leat.<br>Is deas liom aithne a chur ort. |
| Comhghairdeas a dhéanamh | Comhghairdeas!<br>Maith thú! | Comhghairdeas.<br>Ard fhear.<br>Togha fir/mná.<br>Tréaslaím leat. | Maith an buachaill!<br>Sár iarracht.<br>Ard fhear! Comhghairdeas!<br>Go maire tú is go gcaithfidh tú é/Go maire tú é. (Nuair a fhaigheann páiste ball nua éadaigh.) | Togha fir. Togha mná.<br>Comhghairdeas ó chroí.<br>Tá sé tuillte go maith agat.<br>Tréaslaím leat.<br>Tá sé tuilte go maith agat. |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Caidreamh sóisialta a dhéanamh

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Comhbhrón a dhéanamh | Tá brón orm.<br>Tá cathú orm | Tá brón orm.<br>Mí-ádh.<br>Ná bac leis sin. | Mí-ádh!<br>Ná bac leis sin.<br>Déanaim comhbhrón leat.<br>Beidh lá eile agat/agaibh.<br>Beidh lá eile ag an bPaorach. | Ní maith liom do thrioblóid.<br>Is dona liom do chás.<br>Go ndéana Dia trócaire air/uirthi.<br>Ar dheis dé go raibh sé/sí. |
| Sláinte a ghuí | Go n'éirí leat! | Dia leat. | Go dté tú slán.<br>Dia leat. | Go bhfága Dia againn tú.<br>Nár lagaí Dia thú.<br>Go mbeirfimid beo ar an am seo arís. (Nuair a chloistear an chuach don chéad uair sa bhliain)<br>Go bhfága Dia an tsláinte agat. |

# Soiléiriú a lorg i gcomhrá

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Easpa tuisceanna a léiriú | Ní thuigim<br>Abair é sin arís | Ní thuigim é sin.<br>Ní thuigim tú.<br>Tá soiléiriú uaim le do thoil.<br>Níl fhios agam céard tá le déanamh. | Ní thuigim. Abair arís é. Cad dúrais?<br>An féidir é seo a mhiniú le do thoil?<br>Tá cabhair/treoir/comhairle uaim le do thoil.<br>Ní thuigim an cheist/an rud atá á rá agat. | Ní thuigim.<br>An bhfeadfá é a rá/ mhíniú arís, le do thoil?<br>Níl mé in ann é sin a thuiscint. |
| Cabhair a lorg | Cabhair liom le do thoil!<br>Bain an barr de …<br>An osclóidh tú mo bhosca / bhuidéal …<br>An bhfuil cead agam … | Cén Ghaeilge atá ar …?<br>Cad is brí le ..?<br>Conas a déarfa …?<br>Conas a deir tú …?<br>An ndéanfá áis dom le do thoil? | Conas a déarfa…?<br>Cén Ghaeilge atá ar…?<br>Cuir Gaeilge ar…?<br>Táim i bponc.<br>Táim i bponc ceart.<br>Cén bealach a deir tú?<br>Céard atá á rá agat? | Tá cabhair uaim leis seo.<br>Nílim cinnte faoi seo.<br>Conas a déarfa…? |
| Litriú a lorg | Litrigh an focal …. le do thoil.<br>Cén litir a tosaíonn sé le?<br>Cén litir a théann ar dtús? | Conas a litríonn tú..?<br>Litrigh 'shiúil' más é do thoil é. | Litrigh…<br>Conas a litreofá…?<br>Conas a litríonn tú …?<br>An feidir leat é a litriú? | An bhféadfá…. a litriú dom, le do thoil? |

# Soiléiriú a lorg i gcomhrá

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Iarraidh ar dhuine rud éigin a scríobh | Scríobh (litir / focal / nóta) le do thoil.<br>Scríobh síos é sin. | Scríobh….. dom, más é do thoil é.<br>Scríobh síos é más é do thoil é.<br>Tóg síos …<br>Scríobh dom é. | Bain triail as. Tabhair faoi.<br>Tosaigí.<br>Leanaigí oraibh!<br>Scríobh síos …<br>An féidir leat é sin a scríobh?<br>An bhfuil sé sin tógtha / scríofa síos agaibh. | Scríobh dom é.<br>Bí cúramach leis an scríbhneoireacht. |
| Caint níos moille a lorg | Níos moille. | Abair arís é, le do thoil.<br>Abair go mall é más é do thoil é. | Breá bog. Deas socair.<br>Tóg do chuid ama.<br>Tóg go bog é.<br>Níos moille más é do thoil é.<br>Níor chuala mé thú, abair é sin arís le do thoil. | Abair go mall é, le do thoil.<br>An bhféadfá é a rá beagán níos moille? |
| Easpa cumais a léiriú | Níl mé in ann …<br>Ní féidir liom….<br>Táim caillte. | Táim i bponc.<br>Táim i bponc ceart.<br>Ní thuigim é sin.<br>Ní thuigim é. | Ní thuigim…. Abair arís é.<br>Níl mé in ann é seo a dhéanamh.<br>Níl mé ábalta. | Ní féidir liom é sin a thuiscint. |
| Eolas breise nó deimhniú ar thuiscint a lorg | | An bhfuil sé seo ceart?<br>Aon nod eile, a mhúinteoir? | Lean ort.<br>Tabhair dom níos mó eolais. | An féidir leat é sin a dhéanamh níos soiléire?<br>Cén áit go díreach a bhfuil an teach sin? Ar dheis/chlé an ea? |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Cead a lorg, a thabhairt agus a dhiúltiú | An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas? | An bhfuil cead agam x a fháil / mo lámha a ní?<br>Tá / Níl.<br>Ceart go leor.<br>Fan go fóill.<br>Brostaigh. Ar aghaidh leat.<br>Níl cead agat x a fháil.<br>Tá cead agaibh. | An bhfuil cead agam súgradh libh?<br>An bhfuil cead agam peil/sacair a imirt libh?<br>Tá/níl cead agat/agaibh…<br>An féidir liom? Is féidir / Ní féidir leat/libh…<br>An bhfuil sé ceadaithe….? | An bhfuil sé ceart go leor é sin a dhéanamh..?<br>Tá/Níl sé ceart go leor.<br>Níl sé sin ceadaithe.<br>Níl sé ceart go leor é sin a dhéanamh.<br>An bhfuil cead agam teacht isteach / a bheith ar dtús? |
| Buíochas a léiriú | Go raibh maith agat.<br>Fáilte romhat.<br>Go raibh mile maith agat. | Go raibh míle maith agat / agaibh.<br>Míle buíochas.<br>Buíochas ó chroí.<br>Ná habair é. | Go raibh céad míle maith ….<br>Tá mé buíoch díot.<br>Táim fíorbhuíoch díot. | Go bhfága Dia an tsláinte agat.<br>Go méadaí Dia do stór.<br>Nár laga Dia thú. |
| Smaoineamh a chur chun cinn | Céard faoi……? | Cad faoi…?<br>Cad mar gheall ar…?<br>Ar mhaith leat…<br>Céard faoi chluiche peile? | Céard faoi chluiche peile?<br>An mbeadh?<br>N'fheadar…?<br>Ar mhaith le haon duine cispheil a imirt? | Cad a déarfá le…?<br>Cad mar gheall ar…?<br>Cad a cheapfá de…?<br>Bhí smaoineamh iontach agamsa….<br>An bhféachfaimid ar an teilifís? |

# Dul i gcion ar dhuine nó ar dhaoine

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó a éileamh | Stop! Stad! Déan!<br>Dún an doras le do thoil!<br>An ndúnfaidh tú an doras dom le do thoil?<br>Cuir an x ar an mbord.<br>Tabhair dom é.<br>Déan gar dom – faigh peann luaidhe dom. | Faigh an …<br>Bailigh na…<br>Tabhair dom an/do…<br>Ná dean é sin arís.<br>Lig ort go bhfuil pian ort! | Faigh mo chóta.<br>Tabhair dom an…<br>Bailigh na…<br>An bhféadfá…?<br>An féidir leat …?<br>An dtabharfá … dom le do thoil? | An féidir leat<br>An ndeanfá…?<br>Mura mhiste leat.<br>An ndeanfá gar dom..? |
| Impí ar dhuine | Seasaigí, le bhur dtoil. | Á, tabhair seans eile dom.<br>Á, lig dom.<br>Más é do thoil é.<br>Le do thoil. | Más é do thoil é..<br>Beidh mé go maith.<br>Táim ag impí ort / oraibh. | Á, lig dúinn dul amach.<br>Tabhair an seans deiridh dúinn. |
| Maíomh | Tá mé go maith ag... | Tá mé go hiontach ag... | An bhfaca tú é sin?<br>Is mise an duine is fearr sa rang.<br>Is mise laoch na himeartha. | Cionn is gur tusa?<br>Is mise an duine is fearr ag... |
| Cuireadh a thabhairt, a dhiúltú, glacadh leis nó fíosrú faoi | | | Ar mhaith leat teacht go dtí mo theach, mo chóisir srl. Ba/Níor mhaith liom. | Cá mbeidh sé ar siúl? Cén t am? Cén dáta / lá? Ní féidir liom mar …….. |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Eolas nó aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu | | Tá/Níl a fhios agam. An bhfuil a fhios agat?<br>Tá / Níl a fhios agam cé… | An cuimhin leat?<br>Is / ní cuimhin liom.<br>Níl a fhios agam cá bhfuil … / cé hé/hí seo. | An bhfuil aithne agat ar an duine seo? Tá / Níl.<br>Más buan mo chuimhne...<br>Tá dearmad glan déanta agam air sin. |
| Cinnteacht, éiginnteacht, féidearthacht a léiriú, fiosrú fúthu | Tá / Níl | An bhfuil tú cinnte? Tá / Níl<br>Sea / Ní hea. Táim / Níl mé cinnte.<br>B'fhéidir. | B'fhéidir go / gur …<br>Ní fheadair.<br>Níl aon amhras orm... | Seans go...<br>An dóigh leat go...?<br>Cá bhfuil an x?<br>Níl mé cinnte. B'fhéidir go bhfuil sé ... |
| Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi…<br>Gan amhras<br>Is dócha<br>Is féidir<br>Ní móide<br>Gan seans | Cé atá as láthair? | Cé atá as láthair?<br>An bhfuil Lisa tinn?<br>Is dócha go bhfuil.<br>B'fhéidir go / nach bhfuil.<br>An mbeidh sí anseo?<br>Beidh gan dabht/ Ní bheidh. | An dtiocfaidh sé, meas tú?<br>Tiocfaidh sé ceart go leor.<br>An mbuafaimid an corn?<br>Níl seans againn. | An dóigh leat go mbeidh sé anseo / an bua againn?<br>Beidh gan dabht / gan amhras.<br>Níl / Tá mé cinnte.<br>Is dócha.<br>B'fhéidir go bhfuil sé san ospidéal/ tinn. |

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Taitneamh nó easpa taitnimh a léiriú | An maith leat?<br>Is / ní maith liom.<br>Is breá liom… | Is breá liom.<br>Is fearr liom<br>Is fuath liom.<br>Taitníonn ….liom/Ní thaitníonn ….liom. | Is aoibhinn liom.<br>Tá suim/dúil agam sa…<br>Tá dúil agam …<br>An dtaitníonn – leat?<br>Taitníonn / Ní thaitníonn. | Cuireann sé déistin orm.<br>Tá an ghráin agam air. |
| Mianta a léiriú agus fiosrú a dhéanamh | An maith leat?<br>Is maith liom/Ní maith liom<br>An bhfuil sé go deas / maith?<br>Tá / Níl. | Ar mhaith leat?<br>Ba mhaith liom/níor mhaith liom.<br>An mbeadh cead agam…? | Ar mhaith leat?<br>Ba mhaith/níor mhaith.<br>An bhfuil aon seans go…?<br>Ba mhian liom. | Ba mhaith liom/linn…<br>Ba bhreá liom…<br>An mbeadh sé ceart go leor dá...? |
| Rogha a léiriú agus fiosrú fúithi | Is fearr liom.<br>Is maith liom … ach is fearr liom. | Cé acu is fearr leat?<br>Is fearr liom… ná …<br>Is fearr liom scátáil ná siúl.<br>B'fhearr liom… | Cé acu ab fhearr leat?<br>B'fhearr liom. | Cé acu ab fhearr leat?<br>Dá mbeadh do rogha agat cad a phiocfá?<br>Dá mbeadh an rogha agam... |
| Leithscéal a ghabháil | Tá brón orm.<br>Gabh mo leithscéal? | Tá brón orm go bhfuil mé déanach. | Gabh mo leithscéal.<br>Tá brón orm..<br>Cúis mhór bróin…<br>Tá mé buartha. | Tá brón orm go… ach …<br>Is oth liom a rá… |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Sásamh nó míshásamh a léiriú agus fiosrú fúthu | Go maith! Go deas!<br>An bhfuil sé seo go maith?<br>An bhfuil sé ceart go leor / sách maith? | An bhfuil sé seo go maith /ceart go leor/go deas?<br>Tá sé sin go maith/go diail/maith go leor.<br>Tá sé mí-néata/go hainis.<br>Níl sé go hiontach.<br>Go dona!<br>An bhfuil sé sách maith?<br>Céard a cheapann tú?<br>Ar fheabhas!<br>Tá sé lofa/ uafásach. | Táim lán sásta.<br>Táim míshásta.<br>Níl sé sin maith a dhóthain.<br>An bhfuil sé seo go maith an dóigh leat? Tá/Níl<br>Cad a cheapann tú ?<br>Ar fheabhas/Go dona | An bhfuil sé seo ceart go leor?<br>Tá sé sin an mhaith.<br>Níl sé sin an-néata.<br>An dóigh leat go bhfuil sé sách maith?<br>Déarfainn go / nach bhfuil. |
| Aontú nó easaontú le ráiteas | Tá / Níl<br>Is ea! Ní hea!<br>Fíor / Bréagach<br>Tá an ceart agat.<br>Tá tú mícheart | Tá tú mícheart.<br>Ní thagaim leis sin.<br>Is ea. Tá an ceart agat.<br>Nach bhfuil an ceart agat.<br>Ní hea. Níl an ceart agat.<br>Tá sé sin fíor / bréagach.<br>Níl sé sin fíor / bréagach.<br>Tá go maith. | Réitím go huile is go hiomlán leat.<br>Ní réitím in aon chor leat.<br>Briathra dearfacha agus diúltacha san Aimsir Chaite m.sh Bhris / Níor bhris. Tá / Níl an ceart agat.<br>Aontaím / Ní aontaím<br>An aontaíonn tú? | Nach dóigh leat go bhfuil sé sin fíor?<br>Sea, tá an ceart ar fad agat.<br>Níl sé sin fíor.<br>Táim ar aon intinn leat..<br>Is fíor duit.<br>Tá dul amú ort.<br>Tá, go deimhin.<br>Tagaim/Ní thagaim leis sin. |

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Ábaltacht nó easpa ábaltachta a léiriú | Is féidir liom rith.<br>Ní féidir liom snámh.<br>An féidir leat siúl? | Is féidir liom…<br>Ní féidir liom…<br>Táim ábalta….<br>Tá mé in ann rámhaíocht.<br>Tá mé ar fheabhas…<br>Tá mé ábalta. | An bhfuil tú ábalta…?<br>An féidir leat…?<br>Táim ábalta…<br>Is/Ní féidir liom.<br>Tá mé sármhaith ag… | Nach bhfuil tú ábalta?<br>Táim/Nílim abalta.<br>Tá / Níl sé ar mo chumas… |
| Séanadh | An raibh?<br>Bhí/Ní raibh. | Sin bréag!<br>(An ndearna tú?)<br>Ní dhearna. | (An raibh tú ag gáire?)<br>Ní raibh.<br>(An bhfaca tú?) Ní fhaca.<br>(Ar chuala tú?) Níor chuala.<br>(Ar thóg tú?) Níor thóg. | Ar imigh tusa ón gclós?<br>D'imigh/Níor imigh.<br>(Ar bhuail tú?) Níor bhuail (Ar chaill tú?) Níor chaill. |
| Léiriú gur gá nó nach gá rud éigin a dhéanamh agus fiosrú faoi | Tá orm dul abhaile | Cén fáth nach bhfuil cead ag Rang 1…<br>An bhfuil orm/orainn é seo a dhéanamh?<br>Tá orm dul abhaile anois mar.. | An bhfuil orainn..?<br>An gcaithimid..?<br>Caithfimid.<br>Caithfidh mé dul …<br>An gá dom sin a dhéanamh.<br>An gcaithfimid dul amach?<br>Ní gá dúinn…<br>Caithfimid fanacht ciúin. | Caithfimid….. a dhéanamh.<br>Ní gá dúinne fanacht istigh.Is gá / Ní gá.<br>Is cuma faoi.<br>Cén chaoi ar éirigh leat?<br>Ní féidir iallach a chur orainn é a dhéanamh.<br>Ní gá duitse é a dhéanamh. |

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Tuiscint ar rud éigin a léiriú | Tá sé seo easca. | Tuigim …<br>Tá sé seo an-éasca | Tá sé seo an-fhurasta.<br>Níl fadhb ar bith le… | Tá sé seo an éasca.<br>Tuigim anois an chaoi é a dhéanamh. |
| Léiriú gur cuma le duine | Is cuma liom. | Is cuma liom.<br>Is róchuma liom. | Ní chuireann sé isteach ná amach orm. | Ní chaillfidh mé codladh na hoíche mar gheall air.<br>Is cuma sa sioc liom. |
| Léiriú faoina bhfuil ar intinn agus fiosrú faoi | | Beidh mise ag dul go dtí…<br>amárach.<br>An mbeidh tusa? | Beidh mise ag dul.<br>Céard fútsa? | Táim cinnte go mbeidh mé ag dul ann. Cad fútsa?<br>Táim cinnte go bhfuilim ag…<br>Cad mar gheall ortsa? |
| Áiféala a léiriú | Tá brón orm.<br>Gabh mo leithscéal. | Ní dhéanfaidh mé arís é.<br>Tá an-bhrón orm.<br>Tá fíorbhrón orm.<br>Tá áiféala orm. | Ní dhéanfaidh mé a leithéid arís.<br>Tá náire an domhain orm.<br>Níl neart air. | Ní dhéanfaidh mé go brách arís é. |
| Maithiúnas a léiriú | Ceart go leor. | Tá sé sin ceart go leor.<br>Tá go maith. | Ná bac leis sin.<br>Ná tóg aon cheann de. | Déan dearmad air.<br>Fágfaimid inár ndiaidh é. |

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Tacaíocht a léiriú | Maith thú.<br>Go deas. Go maith.<br>Tá tú an-mhaith.<br>Táim leat! | Lean ar aghaidh.<br>Tá sé sin go breá.<br>Maith thú<br>Ar fheabhas.<br>Go hiontach.<br>Maith sibh. | Táim taobh thiar díot.<br>Táim ar aon fhocal leat.<br>Beidh tú go breá – ar aghaidh leat.<br>Thar barr! | Tá sé sin go breá.<br>Aontaím go hiomlán leat.<br>Is féidir leat brath ormsa. |
| Díomá a léiriú | Tá diomá orm. | Tá diomá orm.<br>Is mór an trua é sin. | Tá sé sin díomách.<br>Ní chreidim thú. | Is mór an trua é sin.<br>Tá díomá orm é sin a chloisteáil. |
| Dóchas a léiriú | Beidh tú ceart go leor. | Tá súil agam go…<br>Le cúnamh Dé<br>Tá súil agam…<br>Táim ag súil go mór le… | Táim dóchasach go…<br>Le cúnamh Dé…<br>Tá súil agam go mbeidh sé tirim amárach.<br>Tá súil agam go dtiocfaidh sé/sí.<br>Beidh mé ag súil le… | Tá súil againn go léir go…<br>Táimid ar fad ag súil go…<br>Táim ag tnúth go mór le… |
| Ligean air/uirthi | Féach, is féidir liom eitilt.<br>Is x mé.<br>Is féidir liom … | Táim ábalta.<br>Is féidir liom….<br>Táim ag ligean orm gur x mé. | An bhfuil gach éinne ag breathnú ormsa..? | Féach, is féidir liomsa… |

# Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Scéalta nó scéilíní grinn a chumadh nó a insint | Bhí …<br>Thit …<br>D'ith …<br>D'ól …<br>Fuair … | Lá amháin…..<br>Fadó, fadó…<br>Ar maidin …<br>Inné …<br>Dé Sathairn seo caite …<br>Aréir... | Fadó, fadó...<br>Blianta ó shin…<br>I bhfad siar…<br>Arú inné …<br>Anuraidh … Ar dtús …<br>Ansin … Tar éis tamaill …<br>Faoi dheireadh / ar deireadh... | Lá amháin….<br>Fadó riamh…<br>Blianta ó shin…<br>Aon uair amháin… |
| Eolas, aineolas, cuimhne nó easpa cuimhne a léiriú agus fiosrú fúthu | | An bhfuil a fhios agat? Tá/Níl.<br>An cuimhin leat?<br>Is cuimhin/Ní cuimhin.<br>Cé hé/hí sin?<br>N'fheadar. | An cuimhin le héinne?<br>Bhfuil a fhios ag éinne?<br>Más cuimhin liom i gceart…<br>Más buan mo chuimhne.. | Nach cuimhin leat..?<br>Tá a fhios sin agam.<br>Nach bhfuil a fhios agaibh..?<br>Is cuimhin liom/Ní cuimhin liom in aon chor.<br>Bhí dearmad déanta agam air.<br>Tá brón orm. Rinne mé dearmad ar fad air. |
| Cinnteacht nó éiginnteacht a léiriú agus fiosrú fúthu féideareachtaí | | Tá/Níl. N'fheadar.<br>Nílim cinnte.<br>B'fhéidir go… | An bhfuil tú cinnte/ lánchinnte/ cinnte dearfa?<br>Ní fheadar ambaiste!<br>Ní fheadar ó thalamh an domhain. | An bhfuil tú cinnte?<br>Táim/Nílim cinnte.<br>Nílim cinnte in aon chor. |

## Dearcadh a léiriú agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
| --- | --- | --- | --- | --- |
| Leibhéal dóchúlachta a léiriú agus fiosrú faoi gan amhras<br>Is dócha.<br>Is féidir.<br>Ní móide.<br>Gan seans. | | Is dócha.<br>Gan amhras.<br>An dóigh leat go…?<br>Nach bhfuil aon seans ann go…?<br>Ní dóigh liom é.<br>Is dócha é.<br>In aon chor. | Cad a cheapann tú?<br>Cad déarfá?<br>Faic le rá agat?<br>An bhfuil aon rud le rá ag éinne?<br>Is dócha.<br>An-seans. | Sílim/Measaim.<br>An mbuafaimid, meas tú?<br>An dócha go mbuafaimid?<br>Is dócha é.<br>Tá seans an-mhaith ann.<br>Nach bhfuil aon seans go…?<br>Níl aon seans faoin spéir go… |

# Eolas a thabhairt agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Aithint | Peann<br>Sin peann.<br>Is liomsa é/Ní liomsa é<br>Sin é mo leabhar nua. | Seo……<br>Cad é sin?<br>Sin carr gorm. Sin leoraí buí.<br>Is madra mór é sin.<br>Is bó í sin.<br>Seo é mo chóta.<br>Seo í mo Mhamaí. | Seo é/í.<br>Cailín / buachaill an-mhaith / an-deas / dána is ea í / é.<br>Teach trí stór atá ann. | Fear mór is ea é.<br>Is é sin…<br>Nach é sin…. |
| Tuairisciú | Anseo / As láthair.<br>Tá sé/sí tinn, sa bhaile, as láthair.<br>Níl sé/sí anseo.<br>Tá cnag ar an doras.<br>Tá Liam dána / ag ithe / ag troid.<br>Tá an leabhar ar an mbord.<br>Chuala…Chuaigh...<br>D'ith mé / d'ól mé …<br>Tá sé tirim / ag cur báistí / ag cur sneachta / arís / anois ..<br>Inniu an Luan / an Mháirt / an Chéadaoin / an Déardaoin / an Aoine. | Tá…… tinn.<br>Cad is ainm duit?<br>….. is ainm di.<br>Tá sé/sí ag an bhfiaclóir / i seomra eile / san ospidéal.<br>Thit sé sa chlós.<br>Bhí …<br>Chuaigh …<br>Tá / Bhí x ag troid sa chlós.<br>Tá x ag ithe an lóin.<br>Thug Daidí na Nollag x dom. | Tá sé briste/oscailte.<br>D'ith mé/D'ól mé.<br>Dhún mé….<br>D'oscail mé.<br>Shocraigh Brian dul ag iascaireacht ar an loch.<br>Bhí Caoimhe ag iarraidh an fhuinneog a oscailt. | Tá an fhuinneog briste.<br>Is é an scór a bhí ann ná…<br>Corcaigh……<br>Ciarraí…… |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Eolas a thabhairt agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Teachtaireacht a thabhairt | Seo duit an rolla / nóta / litir.<br>Seo nóta duit ó …<br>Tá Niamh tinn.<br>Tá cóta nua ag Barra. | Ní bheidh…… ar scoil.<br>Dúirt Máirín go ……<br>Tá litir agam duit ó …<br>Ní bheidh mé ar scoil amárach. Beidh mé ag dul go dtí an fiaclóir ar a deich a chlog. | Ní bheidh mise……<br>Beidh mise……<br>Beidh an bus déanach inniu.<br>Glaofaidh mé ort / oraibh ar a cúig chun a hocht. | Beidh sé anseo ar a deich. |
| Ceartú le béim cuí | Ní liomsa é/í.<br>Is leatsa é/í. | Ní leatsa é.<br>Is liomsa é.<br>Tá mo chótasa gorm …<br>Mise / tusa a cheannaigh iad. | Is liomsa/leatsa é.<br>Ní liomsa/leatsa é.<br>Madra atá agam sa bhaile.<br>Domsa a thug sé é. | Madra atá agamsa sa abhaile. |

# Eolas a thabhairt agus a lorg

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Ceisteanna a chur | An bhfuil cead agam dul amach / dul go dtí an leithreas?<br>Cá bhfuil x? An bhfuil sé (dathanna / gníomhaíochtaí)?<br>An bhfuil tú tinn?<br>Tá / Níl.<br>Cad atá sa --?<br>Cé hé/hí sin?<br>Cad é sin?<br>An leabhar é?<br>Cad is ainm duit?<br>Cén aois tú?<br>Cén rang ina bhfuil tú? | Cé leis? Cá bhfuil?<br>Ar chaill éinne?<br>Cén t-am é?<br>Cathain a bheidh?<br>Ar ith/ól tú?<br>D'ith mé / Níor ith mé.<br>D'ól mé / Níor ól mé.<br>Cad/céard a tharla?<br>Cé leis é seo?<br>Ar thóg, thit, bhris, chuala, tháinig?Cén t-am? (uair) | Cad ina thaobh?<br>Inis dom.<br>Abair liom.An raibh, bhfaca, ndeachaigh, ndearna?<br>Cé mhéad? An dtéann tú …?<br>Ar fhéach tú …<br>Ceisteanna le briathra ón Aimsir Chaite, Aimsir Láithreach,(dearfach agus diúltach).<br>Cad is dóigh leat?<br>Cén t-am?<br>Cén fáth?<br>Meas tú? | Conas? Cathain?<br>Cén fáth? Cén t-am?<br>Cén? Cá háit?<br>Ceisteanna le briathra Aimsir Gnáthláithreach (dearfach agus diúltach).<br>Ceisteanna le briathra ón Aimsir Fháistineach (dearfach agus diúltach).<br>Cad é do thuairim?<br>Is dóigh liom go / gur … |
| Ceisteanna a fhreagairt | Tá / Níl.<br>Tá sé sa chlós / sa seomra / ag an leithreas / sa chófra.<br>Níl sé sa chlós srl | Níor chuala mé tú.<br>Níl a fhios agam.<br>N'fheadar.<br>Thóg, Thit, Bhris agus araile.<br>Ar an Aoine / Satharn – inné, ar maidin, ag am lóin.<br>Ní hea / sea.<br>--- is ainm dom. | Ní raibh mé. Bhí mé.<br>Ar a dó/trí a chlog.<br>Leathuair tar éis, ceathrú tar éis, ceathrú chun …<br>Ní théann<br>Níor fhéach. | Bhí mé déanach mar níor chuala mé an clog.<br>Mar ………… |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Struchtúr a chur ar chomhrá

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Oscailt | Tá an lá go deas. | Nóiméad amháin.<br>Tá an lá go hálainn / go dona / fliuch / fuar / go deas. | Ar chuala tú é?<br>An bhfaca tú é?<br>Nóiméad amháin. | A Liam, aon nóiméad amháin, le do thoil. |
| Féincheartú | Gabh mo leithscéal. | Ó, ní hea.<br>Gabh mo leithscéal. | Gabh mo leithscéal.<br>An ea?<br>Sea. Ní hea. | Fan go bhfeice mé.<br>Gabh mo leithscéal.<br>Ní Peadar a bhí ann ach Pól. |
| Cur síos a dhéanamh céim ar chéim. | Ar dtús...<br>Ansin... | Ar dtús...<br>Ansin...<br>Tar éis tamaill...<br>Faoi dheireadh... | I dtús báire...<br>I dtosach...<br>Ar dtús...<br>Ar an gcéad dul síos... | Fan go bhfeice mé.<br>Gabh mo leithscéal.<br>Ní Peadar a bhí ann ach Pól. |
| Coimriú | Sin é. | Sin é.<br>Sin uile. | Mar sin...<br>Mar fhocal scoir...<br>Sé sin le rá... | Le scéal fada a dhéanamh gearr... |
| Teacht tar thuairm | | Is dóigh liom. | Is dóigh liom gurb é sin an fáth.<br>Dar liom féin/dar liomsa...<br>Is dóigh liomsa… | Creidim…<br>Feictear domsa..<br>Is dóigh liom gurb é sin an fáth go bhfuil sé as láthair. |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Struchtúr a chur ar chomhrá

| Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste | Céim 1: Naíonáin | Céim 2: Ranganna 1 agus 2 | Céim 3: Ranganna 3 agus 4 | Céim 4: Ranganna 5 agus 6 |
|---|---|---|---|---|
| Deireadh a chur | Ceart go leor | Bhuel, sin sin.<br>Ceart go leor mar sin. | Sin é mar sin.<br>Tá deifir orm.<br>Caithfidh mé bogadh.<br>Sin é an scéal mar sin. | Bhuel, sin é. |
| Tús a chur le comhrá teileafóin | Dia duit.<br>Róisín anseo. | Micheál anseo. | Dia duit, a Shiobhán<br>Tadhg anseo. | Dia duit, a chroí.<br>Aon scéal nua?<br>Conas atá cúrsaí? |
| Duine ar leith a lorg ar an teileafón | An bhfuil Róisín ann/ar fáil?<br>An féidir liom labhairt le….. | An bhfuil Róisín timpeall/ar fáil?<br>Ba mhaith liom labhairt le… | An bhféadfainn labhairt le…<br>An bhfuil Mamaí istigh? | Ba mhaith liom labhairt le Pól.<br>Máirín atá á lorg agam.<br>An féidir liom focal a bheith agam le Niamh? |
| Léiriú go nglaofar arís ar an teileafón | Beimid ag caint arís! | Beidh mé ag caint leat arís. | Beidh mé i dteaghmháil leat arís amárach.<br>Labharfaimid arís. | Beidh mé ag caint leat arís amárach. |
| Tús a chur le litir | | A ………., a chara. | A Sheáin, a chara dílis. | A Shiobhán, a chara. |
| Deireadh a chur le litir | | Le grá. | Mise le meas…<br>Slán go fóill…<br>Do chara dílis. | Mise le meas<br>Le gach dea-ghuí<br>Beir bua agus beannacht |



Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers